# CINNEADH (AE) 2022/2493 ÓN gCOMHAIRLE

## an 13 Nollaig 2022

## lena gceaptar comhalta den Chúirt Iniúchóirí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 286(2) de,

Ag féachaint don togra ó Phoblacht na hEastóine,

Ag féachaint do tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige Juhan PARTS in éag an 31 Nollaig 2022.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, comhalta nua a cheapadh ar an gCúirt Iniúchóirí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar leis seo Keit PENTUS-ROSIMANNUS ina comhalta den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2028.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

([1]) Tuairim an 22 Samhain 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).